Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Samhain 2025**
**(OR. en)**

**15199/25**

**AGRI 592**
**AGRIFIN 141**
**FIN 1329**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 684 final |
| Ábhar: | TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE<br>maidir le caiteachas CERT<br>Córas Luathrabhaidh 1-6/2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 684 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 684 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.11.2025
COM(2025) 684 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le caiteachas CERT**

**Córas Luathrabhaidh 1-6/2025**

## 1. NÓS IMEACHTA BUISÉADACH CERT LE hAGHAIDH 2025

An 27 Samhain 2024 ghlac Parlaimint na hEorpa buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2025. Is é EUR 39 975,9 milliún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 40 030,7 milliún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí atá i mbuiséad an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT). Is é is cúis leis na méideanna éagsúla le haghaidh an dá chineál leithreasuithe an úsáid a bhaintear as leithreasuithe difreáilte le haghaidh bearta áirithe a bhíonn á gcur chun feidhme go díreach ag an gCoimisiún. Baineann siad sin go príomha le bearta maidir le táirgí talmhaíochta a chur chun cinn agus le bearta maidir le straitéis bheartais, comhordúchán agus iniúchadh.

## 2. IONCAM A SHANNTAR DO CERT

Ar bhonn fhorálacha Airteagal 45 de Rialachán (AE) 2021/2116, ioncam a thagann as ceartuithe airgeadais faoi chinntí imréitigh cuntasaíochta agus imréitigh feidhmíochta, agus as neamhrialtachtaí, is ioncam é a shanntar do mhaoiniú chaiteachas CERT.

De réir Airteagal 45(2), is féidir ioncam sannta a athúsáid chun riachtanais mhaoiniúcháin aon chaiteachais CERT a chumhdach. An t-ioncam sannta a bhailítear agus nach n-úsáidtear laistigh den bhliain airgeadais, tugtar anonn go huathoibríoch é go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin[1].

Áirítear an méid seo a leanas i mbuiséad CERT le haghaidh 2025:

- meastacháin an Choimisiúin ar na riachtanais mhaoiniúcháin le haghaidh bearta margaidh (lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta) agus íocaíochtaí díreacha faoi bhainistíocht chomhroinnte agus caiteachas eile faoi bhainistíocht dhíreach;
- na meastacháin ar ioncam sannta atá le bailiú le linn na bliana airgeadais;
- agus tabhairt anonn iarmhéid an ioncaim shannta a bhí fós ar fáil ón mbliain airgeadais roimhe sin.

Sa togra ón gCoimisiún maidir leis na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2025, chuir sé san áireamh an t-ioncam sannta iomlán a bhfuil coinne leis. I gcás bhuiséad 2025, d'iarr an Coimisiún leibhéal leithreasuithe a ríomhfaí tríd an ioncam sannta measta a asbhaint ó na riachtanais mheasta. Ghlac an tÚdarás Buiséadach buiséad CERT le haghaidh 2025 agus an t-ioncam sannta a bhfuil coinne leis á chur san áireamh.

Tráth a bunaíodh an buiséad le haghaidh 2025, ba é EUR 949,4 milliún meastachán an Choimisiúin maidir leis an ioncam sannta a bhí ar fáil, ar tugadh EUR 554,4 milliún de anonn ó Bhuiséad 2024. Chuir an Coimisiún an méid sin a tugadh anonn agus an t-ioncam

[1] Le hAirteagal 12(4)(b) de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, cinntear go bhféadfar leithreasuithe a chomhfhreagraíonn d'ioncam sannta inmheánach a thabhairt anonn go dtí an bhliain airgeadais ina dhiaidh sin agus go dtí an bhliain sin amháin. Dá bhrí sin, ar mhaithe le bainistiú fónta buiséid, is iondúil go n- úsáidtear an t- ioncam sannta sin ar dtús, roimh an leithreasú a vótáladh i dtaca leis an airteagal buiséid lena mbaineann.

measta atá le bailiú in 2025 san áireamh nuair a d’iarr sé na leithreasuithe le haghaidh na tacaíochta bunúsaí ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta (ítim 08 02 04 01). Is é EUR 18 959 milliún suim na leithreasuithe a vótáladh le haghaidh na scéime sin agus an ioncaim shannta mheasta.

Ba é EUR 555,8 milliún an t-ioncam sannta a tugadh anonn ar deireadh ó 2024, méid a bhí beagán níos airde.

## 3. TÁBLA MAIDIR LE TOMHALTAS SEALADACH AN 30/4/2025

Cuirtear i láthair sa tuarascáil seo cur chun feidhme sealadach bhuiséad CERT le haghaidh 2025 an 30/4/2025, agus tugtar mionsonraí sa tábla thíos.

Cuirtear an leibhéal cur chun feidhme i gcomparáid le próifíl chaiteachais an chórais luathrabhaidh a bhunaítear i gcomhréir le hAirteagal 19 de Rialachán (AE) Uimh. 2021/2116.

**Buiséad 2025 [1]**

**TOMHALTAS SEALADACH LEITHREASUITHE CERT**

**Leathanach 1/2**

**Staid an 30/04/2025**
**in milliúin Eur**

| | | Buiséad Leithreasuithe [2] | Tomhaltas ó mhí na Samhna go mí Aibreáin | Úsáid | Próifíl thomhaltais i mí Aibreáin | | An bhearna idir cur chun feidhme agus próifíl | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | EUR mill. | EUR mill. | % | % | EUR mill. | % | EUR mill. |
| | | A | B | C=B/A | D | E=D*A | F=C-D | G=B-E |
| | ***Caiteachas*** | ***39,975.9*** | ***35,014.7*** | ***87.6%*** | ***85.0%*** | ***33,990.7*** | ***2.6%*** | ***1,024.0*** |
| ***08 01*** | ***Caiteachas tacaíochta riaracháin na Braisle 'Talmhaíochta agus Beartais Mhuirí'*** | ***2.7*** | ***2.3*** | ***83.9%*** | ***81.1%*** | ***2.2*** | ***2.8%*** | ***0.1*** |
| **08 01 01** | **Caiteachas tacaíochta don 'Chiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta'** | **2.7** | **2.3** | **83.9%** | **81.1%** | **2.2** | **2.8%** | **0.1** |
| ***08 02*** | ***An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)*** | ***39,973.2*** | ***35,012.4*** | ***87.6%*** | ***85.0%*** | ***33,988.5*** | ***2.6%*** | ***1,023.9*** |
| **08 02 01** | **Cúlchiste talmhaíochta (* lch.2)** | **280.2** | **191.8** | **68.4%** | | | | |
| **08 02 02** | **Cineálacha idirghabhálacha in earnálacha áirithe faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT** | **1,795.2** | **462.9** | **25.8%** | **21.5%** | **386.5** | **4.3%** | **76.4** |
| 08 02 02 01 | Earnáil na dtorthaí agus na nglasraí | 769.0 | 133.9 | 17.4% | 14.6% | 112.5 | 2.8% | 21.5 |
| 08 02 02 02 | Earnáil na dtáirgí beachaireachta | 58.0 | 3.4 | 5.8% | 6.5% | 3.8 | -0.7% | -0.4 |
| 08 02 02 03 | Earnáil an fhíona | 884.0 | 311.8 | 35.3% | 27.0% | 238.5 | 8.3% | 73.4 |
| 08 02 02 04 | Earnáil na leannlusanna | 2.2 | 2.2 | 100.0% | 100.0% | 2.2 | 0.0% | 0.0 |
| 08 02 02 05 | Earnáil na hola olóige agus na nOlóg Boird | 45.0 | 3.4 | 7.6% | 45.1% | 20.3 | -37.4% | -16.8 |
| 08 02 02 06 | Earnálacha eile | 37.0 | 8.1 | 22.0% | 25.2% | 9.3 | -3.2% | -1.2 |
| **08 02 03** | **Caiteachas a bhaineann leis an margadh lasmuigh de na Pleananna Straitéiseacha CBT** | **1,065.0** | **475.7** | **44.7%** | **42.7%** | **455.2** | **1.9%** | **20.5** |
| 08 02 03 01 | POSEI agus na hOileáin Bheaga Aeigéacha (gan íocaíochtaí díreacha san áireamh) | 226.0 | 156.1 | 69.1% | 67.8% | 153.3 | 1.3% | 2.9 |
| 08 02 03 02 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Cláir shimplí faoi bhainistíocht chomhroinnte | 81.0 | 27.4 | 33.9% | 36.8% | 29.8 | -2.9% | -2.4 |
| 08 02 03 03 | Táirgí talmhaíochta a chur chun cinn — Ilchláir agus gníomhaíochtaí arna gcur chun feidhme ag an gCoimisiún faoi bhainistíocht dhíreach | 40.0 | 0.7 | 1.6% | 0.0% | 0.0 | 1.6% | 0.7 |
| 08 02 03 04 | Scéimeanna scoile | 200.0 | 116.6 | 58.3% | 53.8% | 107.7 | 4.5% | 8.9 |
| 08 02 03 05 | Ola olóige | p.m. | 0.0 | | | | | |
| 08 02 03 06 | Torthaí agus glasraí | 393.0 | 92.1 | 23.4% | 20.2% | 79.6 | 3.2% | 12.5 |
| 08 02 03 07 | Fíon | 125.0 | 82.8 | 66.3% | 67.9% | 84.9 | -1.7% | -2.1 |
| 08 02 03 08 | Beachaireacht | p.m. | 0.0 | | | | | |
| 08 02 03 09 | Leannlusanna | p.m. | 0.0 | | | | | |
| 08 02 03 10 | Bearta stórála poiblí agus príobháideacha | p.m. | 0.0 | | | | | |
| **08 02 04** | **Cineálacha idirghabhálacha um íocaíochtaí díreacha faoi na Pleananna Straitéiseacha CBT** | **36,143.6** | **33,493.1** | **92.7%** | **90.7%** | **32,784.7** | **2.0%** | **708.4** |
| 08 02 04 01 | Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta (** lch.2) | 18,009.6 | 17,821.8 | 99.0% | 97.9% | 17,640.0 | 1.0% | 181.8 |
| 08 02 04 02 | Tacaíocht ioncaim athdháilte fhorlíontach i dtaobh na hinbhuanaitheachta | 4,019.0 | 3,799.6 | 94.5% | 95.2% | 3,825.6 | -0.6% | -26.0 |
| 08 02 04 03 | Tacaíocht ioncaim fhorlíontach d'fheirmeoirí óga | 700.0 | 602.8 | 86.1% | 84.5% | 591.2 | 1.7% | 11.6 |
| 08 02 04 04 | Scéimeanna don aeráid agus don chomhshaol | 8,701.0 | 7,423.8 | 85.3% | 80.1% | 6,968.8 | 5.2% | 455.1 |
| 08 02 04 05 | Tacaíocht ioncaim chúpláilte | 4,472.0 | 3,642.7 | 81.5% | 79.3% | 3,545.6 | 2.2% | 97.1 |
| 08 02 04 06 | Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis | 242.0 | 202.2 | 83.6% | 88.2% | 213.5 | -4.6% | -11.2 |
| **08 02 05** | **Íocaíochtaí díreacha lasmuigh de na Pleananna Straitéiseacha CBT** | **474.0** | **326.1** | **68.8%** | **68.6%** | **324.9** | **0.3%** | **1.2** |
| 08 02 05 01 | POSEI agus na hOileáin Bheaga Aeigéacha (íocaíochtaí díreacha) | 444.0 | 307.4 | 69.2% | 68.7% | 305.0 | 0.5% | 2.4 |
| 08 02 05 02 | An scéim íocaíochta aonair limistéir (SIAL) | 2.8 | 1.0 | 37.4% | 62.1% | 1.7 | -24.7% | -0.7 |
| 08 02 05 03 | Íocaíocht athdháilte | 0.2 | 0.2 | 104.6% | 76.0% | 0.2 | 28.6% | 0.1 |
| 08 02 05 04 | Scéim na híocaíochta bunúsaí | 13.0 | 9.2 | 71.1% | 66.2% | 8.6 | 4.9% | 0.6 |
| 08 02 05 05 | Íocaíocht do chleachtais talmhaíochta a dhéanann leas na haeráide agus an chomhshaoil | 9.3 | 5.7 | 61.6% | 68.2% | 6.3 | -6.6% | -0.6 |
| 08 02 05 06 | Íocaíocht d'fheirmeoirí óga i gceantair ina bhfuil srianta nádúrtha | p.m. | 0.0 | | | | | |
| 08 02 05 07 | Íocaíocht d'fheirmeoirí óga | 0.6 | 0.3 | 53.6% | 66.9% | 0.4 | -13.3% | -0.1 |
| 08 02 05 08 | Íocaíocht i leith barr sonrach le haghaidh cadáis | 0.2 | 0.2 | 81.1% | 89.6% | 0.2 | -8.5% | 0.0 |
| 08 02 05 09 | Scéim dheonach um thacaíocht chúpláilte | 3.6 | 1.8 | 48.6% | 64.0% | 2.3 | -15.3% | -0.6 |
| 08 02 05 10 | Scéim na bhfeirmeoirí beaga | 0.3 | 0.3 | 91.8% | 70.5% | 0.2 | 21.4% | 0.1 |
| **08 02 06** | **Straitéis beartais, comhordú agus iniúchadh** | **214.7** | **62.5** | **29.1%** | **17.2%** | **36.9** | **11.9%** | **25.6** |
| 08 02 06 01 | Ceartúcháin airgeadais i bhfabhar Ballstát tar éis imréiteach cuntas agus cinntí maidir le himréiteach comhréireachta | 113.1 | 0.0 | 0.0% | 0.0% | 0.0 | 0.0% | 0.0 |
| 08 02 06 02 | Réiteach díospóidí | p.m. | 3.4 | | | | | |
| 08 02 06 03 | CERT — Cúnamh teicniúil oibríochtúil | 101.6 | 59.1 | 58.2% | 36.3% | 36.9 | 21.9% | 22.2 |
| **08 02 99** | **Cur i gcrích clár agus gníomhaíochtaí roimhe seo** | **0.5** | **0.3** | **62.5%** | **52.3%** | **0.3** | **10.2%** | **0.1** |

[1] Bliain airgeadais = 16/10/2024 go 15/10/2025 ach tá caiteachas indéanta faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin go dtí an 31/12/2025.

[2] Baineann sé leis na leithreasuithe faoi chaomhair gealltanas.

**Buiséad 2025 (1)**

**TOMHALTAS SEALADACH NA LEITHREASUITHE CERT**

**Leathanach 2/2**

**Staid an 30/4/2025**

**in EUR milliúin**

| | | Buiséad Leithreasuithe (2) | Tomhaltas ó mhí na Samhna go mí Aibreáin | Úsáid | Próifíl thomhaltais i mí Aibreáin | | An bhearna idir cur chun feidhme agus próifíl | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | EUR mill. | EUR mill. | % | % | EUR mill. | % | EUR mill. |
| | | A | B | C=B/A | D | E=D*A | F=C-D | G=B-E |
| | (*) Cúlchiste talmhaíochta lena n-áirítear an EUR 366,5 milliún a tugadh anonn ón mbliain airgeadais 2024: | | | | | | | |
| 08 02 01 | Cúlchiste talmhaíochta - lena n-áirítear an méid arna thabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin (5) | 646.7 | 191.8 | 29.7% | | | | |
| | (**) Ar mhaithe le faisnéis amháin: caiteachas in aghaidh leithreasuithe bunaidh agus ioncam sannta | | | | | | | |
| 08 02 04 01 | Tacaíocht bhunúsach ioncaim i dtaobh na hinbhuanaitheachta - lena n-áirítear ioncam sannta | 18,959.0 | 17,821.8 | 94.0% | 97.9% | 18,569.9 | -3.9% | -748.1 |
| | ***Ioncam Sannta (3) (4)*** | ***949.4*** | ***685.7*** | ***72.2%*** | | | | |
| 6 2 0 0 | An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta — ioncam sannta a mheastar a bhaileofar sa bhliain airgeadais | 395.0 | 129.9 | 32.9% | | | | |
| | Ioncam sannta arna thabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin | 554.4 | 555.8 | 100.3% | | | | |

(1) Bliain airgeadais = 16/10/2024 go 15/10/2025 ach féadtar caiteachas faoi bhainistíocht dhíreach an Choimisiúin a bheith ann go dtí 31/12/2025.

(2) Baineann sé seo leis na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas.

(3) Ioncam arna shannadh don Tacaíocht Bhunúsach Ioncaim i dtaobh na hInbhuanaitheachta, chun an gá le leithreasuithe buiséid a laghdú.

(4) Lena n-áirítear ioncam sannta ón Ríocht Aontaithe, ar Bhallstát é go dtí an 31/01/2020.

(5) Áirítear leis seo an cur chun feidhme iomlán, lena n-áirítear leithreasuithe úra agus leithreasuithe arna dtabhairt anonn ó bhliain/bhlianta roimhe.

## 4. Barúlacha maidir le cúlchiste talmhaíochta 2025

Áiríodh i mBuiséad 2025 méid EUR 646,7 milliún le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta, lena n-áirítear méid EUR 366,5 milliún a tugadh anonn ó Bhuiséad 2024.

Tá trí bheart, lena leithdháiltear EUR 113,7 milliún, glactha go dtí seo sa bhliain airgeadais seo[2].

Is é EUR 191,8 milliún an caiteachas iomlán a rinneadh le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta faoi dheireadh mhí Aibreáin, maidir le bearta a glacadh sa bhliain airgeadais 2024 agus a bhfuil dáta incháilitheachta acu sa bhliain airgeadais 2025.

[2] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/441 ón gCoimisiún an 6 Márta 2025 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte le teagmhais dhíobhálacha aeráide agus le tubaistí nádúrtha sa Spáinn, sa Chróit, sa Chipir, sa Laitvia agus san Ungáir, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. (IO L, 2025/441, 10.3.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/441/oj)
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1137 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 lena ndéantar foráil maidir le tacaíocht airgeadais éigeandála le haghaidh na n-earnálacha talmhaíochta atá buailte ag teagmhais dhíobhálacha aeráide agus ag tubaistí nádúrtha sa tSeicia agus sa tSlóivéin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.(IO L, 2025/1137, 11.6.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1137/oj)
Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1145 ón gCoimisiún an 10 Meitheamh 2025 maidir le bearta tacaíochta eisceachtúla le haghaidh earnálacha an bhainne agus na muiceola sa Ghearmáin (IO L, 2025/1145, 11.6.2025
ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/1145/oj)

## 5. BARÚLACHA MAIDIR LE CUR CHUN FEIDHME SEALADACH BHUISÉAD CERT LE hAGHAIDH 2025

Maidir le forghníomhú sealadach na leithreasuithe buiséadacha CERT le haghaidh 2025 i gcomhair na tréimhse go dtí an 30 Aibreán 2025, tá sé beagán os cionn na próifíle caiteachais arna ríomh (2,6 pointe céatadáin).

Murab ionann agus na blianta airgeadais roimhe sin, léiríonn an caiteachas le haghaidh na gcineálacha idirghabhálacha earnála foriomlána faoi Phleananna Straitéiseacha CBT (08 02 02) diall aníos ón bpróifíl.

Léiríonn formhór na gcineálacha idirghabhála maidir le híocaíochtaí díreacha faoin bplean straitéiseach CBT (08 02 04) feidhmiú buiséid atá níos fearr ná mar a bhí coinne leis.

Tá ioncam sannta EUR 685,7 milliún (6 2 0 0) ar fáil cheana féin agus meastar go mbaileofar suimeanna breise le linn na bliana airgeadais.

Ar bhonn na sonraí atá ar fáil go dtí deireadh mhí Aibreáin, glacann seirbhísí an Choimisiúin leis go mbeidh na leithreasuithe a vótáladh, i dteannta an mhéid ioncaim shannta a mheastar a bheidh ar fáil ag deireadh na bliana airgeadais, leordhóthanach chun an caiteachas uile a chumhdach.